

## Stair chearta LADT ag NA

Teachtaireacht ó Oifig na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine

An 10 Nollaig 1948 atá ann agus glacann Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine. Deir sé: *Saolaítear gach duine saor agus comhionann i ndínit agus i gcearta.*

Ach téigh ar aghaidh go tapa go 2011, agus cuireann Comhairle NA um Chearta an Duine a cúis mhór inní in iúl faoi ghníomhartha fornirt agus idirdhealaithe bunaithe ar ghnéaschlaonadh agus ar fhéiniúlacht inscne. Ar fud an domhain, déantar fós idirdhealú agus gníomhartha brúidiúla fornirt, céastóireachta agus fuadaigh in aghaidh daoine lespiacha, aeracha, déghnéasacha agus trasinscneacha, go fiú iad a mharú. I 76 thír, déantar coir as caidrimh chomhghnéis, de shárú ar chearta bunúsacha.

Ní mór deireadh a chur leis na mí-úsáidí sin. Tá an taoide ag casadh: ó 1990 i leith tá dlisteanú déanta ag nach mór 40 tír ar chaidrimh chomhghnéis. Tá cosc curtha ag mórán tíortha eile ar idirdhealú in aghaidh daoine LADT. Aithníonn níos mó agus níos mó tíortha a phráinní atá an scéal agus tá siad ag iarraidh ar NA gníomhaíocht a dhéanamh. Le 4 bliana anuas, is é a d'eascair as sin an chéad rún a ghlac NA maidir leis an tsaincheist, céad thuarascáil oifigiúil NA, agus an chéad díospóireacht idir-rialtasach fhoirmiúil ag Comhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine. An 26 Iúil 2013, sheol NA 'Saor agus Comhionann', feachtas domhanda a bhí ceaptha feachtas ar fhorneart homafóbach agus trasfóbach agus ar idirdhealú a ardú, agus chun cabhrú le cosc a chur ar mhí-úsáid a bheith á déanamh ar na milliúin duine LADT as iad a bheith ina gcló ceart.

Ní mór dúinn cearta bunúsacha daoine LADT a chosaint. Ní athruithe i ndlíthe agus i mbeartais amháin a éilítear leis sin. Éilítear athruithe i gcroí agus in aigne daoine. Dála an chomhraic i gcoinne ciníochais, dála an chomhraic le haghaidh comhionannas inscne, ní bhuaifear an comhrac le haghaidh comhionannas LADT ach amháin má labhraímid amach, má dhéanaimid cearta daoine eile a chosaint. Anois an t-am chun é sin a dhéanamh. Le chéile, tig linn cosc a chur ar fhorneart agus ar idirdhealú in aghaidh daoine LADT. Le chéile, tig linn domhan atá saor agus comhionann a chur ar fáil.